Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2024
(OR. en)

16238/24

LIMITE

JAI 1755
MIGR 435
RELEX 1510

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Aghaidh a thabhairt ar an imirce<br>– Féachaint ar bhealaí nua chun an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac |

Is príomhthosaíocht ag Uachtaránacht na hUngáire na Ballstáit a spreagadh chun tuairimí a mhalartú maidir le réitigh ‘nua agus nuálacha’ i réimse na himirce. Dá bhrí sin, ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí ceartais agus gnóthaí baile an 22 Iúil 2024, thionscain an Uachtaránacht tacar seisiún plé maidir le cineálacha cur chuige nuálacha a d’fhéadfadh a bheith ann i réimse na himirce, agus béim ar leith á leagan ar fheabhas a chur ar ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh i ngné sheachtrach na himirce agus ar an ngá atá le beartas um fhilleadh níos stóinsí. Ina fhianaise sin, bhí plé cuimsitheach ag Coreper an 16 Meán Fómhair maidir le cé mar is féidir córas an Aontais um fhilleadh a dhéanamh níos éifeachtaí. Léiríodh, ag an bplé sin, tiomantas na mBallstát aghaidh a thabhairt go pras ar na gnéithe ábhartha uile. Luaigh roinnt de na Ballstáit coincheap na *mol um fhilleadh* ar cheann de na réitigh ‘nua’ a d’fhéadfadh a bheith ann agus ar cheart breis taighde a dhéanamh ina dtaobh.

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 10 Deireadh Fómhair 2024, chomhaontaigh na hairí gur cheart réitigh nuálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, mar shampla, na *moil um fhilleadh* a chumasú faoin athbhreithniú ar an gcreat dlíthiúil reatha maidir le filleadh. Chuir siad i bhfios go láidir nár mhór do shaineolaithe iniúchadh a dhéanamh ar indéantacht na réiteach sin, agus comhlíonadh iomlán dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta á áirithiú ag an am céanna, agus tiomantas láidir ann do chearta bunúsacha a chaomhnú. D'fhonn na gnéithe oibríochtúla a fhiosrú, bhí plé straitéiseach ag an gCoiste Straitéiseach um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (SCIFA) maidir le coincheap na *mol um fhilleadh* ag an gcruinniú a bhí aige an 14 Samhain 2024. Na príomh-réamhchoinníollacha agus na coimircí a bhaineann leis an gcoincheap a fhiosrú aidhm na pléite. Leanfar den phlé ar leibhéal na saineolaithe chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla agus dlíthiúla an choincheapa agus é mar aidhm an obair bhreise ar an ábhar sin a threorú.

PUBLIC

Ar deireadh, beidh plé tosaigh ag Coreper an 11 Nollaig maidir leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar *choincheap an tríú tír shábháilte*.

I gcomhthráth leis an bplé sin ar réitigh nuálacha, phléigh Coreper, an 30 Deireadh Fómhair, páipéar leathoifigiúil a thíolaic an Coimisiún maidir le dídeanaithe ón tSiria a fhilleadh ar bhonn deonach; go luath i mí na Nollag bhí bricfeasta neamhfhoirmiúil ann le UNHCR agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce.

Ós rud é gur dúshlán tromchúiseach i gcónaí í an imirce neamhrialta chun na hEorpa, ar dúshlán é atá níos measa mar gheall ar an iliomad bunchúiseanna, tá athrú mór beartais á fheiceáil againn san Eoraip, rud a thugann spreagadh nua dár gcuid oibre. Is léir go mór an t-athrú sin sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2024, inar cuireadh i bhfios go láidir *'...féachaint ar bhealaí nua chun an imirce neamhrialta a chosc agus a chomhrac...'*[1].

Ba mhaith leis an Uachtaránacht a chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le raon leathan tionscnamh i ngné sheachtrach na himirce chun réitigh 'nua' áirithe a chur i bhfeidhm agus, nár mhór, ag an am céanna, bealaí imirce nua neamhbheartaithe nó ualach breise ar Bhallstáit an Aontais a sheachaint. Tá sé ríthábhachtach san iarracht sin an comhar nua a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe tríú tír tionscnaimh agus idirthurais agus an comhar atá ann cheana a neartú. Is dlúthchuid den phróiseas cur chun feidhme inbhuanaithe é agus is gné riachtanach é chun líon na n-imeachtaí neamhdhleathacha a laghdú go suntasach agus chun tuilleadh feabhais a chur ar staid na n-imirceach, na n-iarrthóirí tearmainn agus na ndídeanaithe a ghaire agus is féidir dá dtír thionscnaimh.

---

**1** 25/24, Conclúidí ón gComhairle Eorpach (an 17 Deireadh Fómhair 2024)

Creideann an Uachtaránacht go daingean gur cheart aon réiteach inmharthana 'nuálach' a bheith bunaithe ar chuspóirí comhroinnte, ar iarrachtaí comhoibríocha agus ar mhuinín fhrithpháirteach, i gcomhréir leis an gcur chuige 'Foireann na hEorpa', agus tacaíocht ó institiúidí iltaobhacha agus réigiúnacha a áirithiú chomh maith. Ní mór na roghanna maidir le haon réiteach a anailísiú ar dtús ó thaobh na hindéantachta praiticiúla de ionas go mbeidh deis ann teacht ar chomhaontú ina leith le comhpháirtí tríú tír ar leith. Ba cheart go bhfeidhmeodh na prionsabail sin mar chreat treorach dár gcuid oibre leanúnaí, lena bhféadfaí 'bosca uirlisí' cuimsitheach a fhorbairt ina leagfaí amach na hionstraimí atá ar fáil dúinn chun ár bhfreagracht chomhchoiteann a chomhlíonadh in éineacht le tríú tíortha comhpháirtíochta. Ba cheart bearta arb é is aidhm dóibh comhar ár gcomhpháirtithe atá toilteanach páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme tionscnamh 'nua' a éascú agus a chumasú a bheith bunaithe ar bheartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile de chuid an Aontais a úsáid, lena n-áirítear taidhleoireacht, forbairt, trádáil agus víosaí ach freisin uirlisí déthaobhacha Ballstát ar leith de mheon Fhoireann na hEorpa. Ba cheart úsáid a bhaint freisin as bearta eile, mar shampla, tacaíocht fheabhsaithe don ath-imeascadh, filleadh deonach cuidithe na n-imirceach neamhrialta a chónaíonn sa tír chomhpháirtíochta ar a dtíortha tionscnaimh, athlonnú deonach, fothú acmhainneachta tiomnaithe agus cúnamh teicniúil, conairí dlíthiúla i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta agus comhar oibríochtúil (le rannpháirtíocht ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais freisin). Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh sé mar chuid den *'bhosca uirlisí'* sin an filleadh deonach a spreagadh, chomh maith lenár gcomhar le UNHCR agus IOM, agus le heagraíochtaí ábhartha eile, a threisiú.

Ceisteanna ar na hairí:

*(1) An aontaíonn tú, i gcomhthráth leis an obair theicniúil ar réitigh nuálacha, nach mór dúinn tacar beartas, ionstraimí agus uirlisí de chuid an Aontais ('bosca uirlisí') a shainiú arb é is aidhm dóibh a n-úsáid chomhordaithe a áirithiú, agus ar an gcaoi sin ár ngiaráil chomhpháirteach a mhéadú agus an t-ualach ar thríú tíortha comhpháirtíochta atá toilteanach a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme 'réitigh nuálacha' a bhaineann leis an imirce a mhaolú?*

*(2) Cad iad na bearta, dar leatsa, is ceart a bheith mar chuid den 'bhosca uirlisí' cuimsitheach seo?*



PUBLIC